Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

13021/25
PV CONS 45
ENV 863
CLIMA 352
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

18 Meán Fómhair 2025

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 12615/25.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

(a) **Liosta neamhreachtach** 12648/25 + COR 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis maidir leis na míreanna sin san Aguisín.

(b) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 12649/25

**Gnóthaí Ginearálta**

1. **Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma** ❶C 12552/25 + ADD 1-2 PE-CONS 35/25 COH
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 17.9.2025

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 175, 177, 178 agus 322 CFAE), agus an tSualainn agus an Fhionlainn ag vótáil ina choinne agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.

Leagtar amach na ráitis maidir leis an mír sin san Iarscríbhinn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Rialachán lena leasaítear Rialacháin 2021/1057 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE+) a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 17.9.2025 | ❶C | 12553/25<br>+ ADD 1-2<br>PE-CONS 36/25<br>COH |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 164, 175, 177 agus 322 CFAE), agus an tSualainn agus an Fhionlainn ag vótáil ina choinne agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.
Leagtar amach na ráitis maidir leis an mír sin san Iarscríbhinn.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Leasú ar an Dlí Aeráide Eorpach**<br>*Tuarascáil ar dhul chun cinn*<br>*Díospóireacht bheartais* | ❶C | 12790/25 |

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht agus bhí díospóireacht bheartais aici bunaithe ar cheisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | |
|---|---|---|
| 4. | Ráiteas Intinne ón Aontas i bhfianaise na haighneachta ón Aontas maidir le Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta (NDC) arna chur faoi bhráid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)<br>*Formheas* | 12792/25 |

---

❶ An chéad léamh

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 12649/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

## RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

'Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha ríthábhachtach don Aontas Eorpach. Tuigeann an Coimisiún rún na gcomhreachtóirí mar atá cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú lena leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí a áirithiú go gcloífear leis an smacht reachta i gcur chun feidhme na gcistí agus déanfaidh sé measúnú ar aon iarraidh ar leasuithe ar chláir i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, leis an Rialachán maidir le Coinníollacht Ghinearálta agus le forálacha an Rialacháin maidir le hAthbhreithniú Meántéarma.'

## RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN mBEILG, Ó ÉIRINN, Ó LUCSAMBURG, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN OSTAIR

'Measann an Bheilg, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ostair go bhfuil urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha fíor-riachtanach le haghaidh muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit, lena n-áirítear in úsáid fhreagrach na n-acmhainní coiteanna a áirítear san athbhreithniú meántéarma. Is díol sásaimh dúinn gur feabhsaíodh téacs aithris 4 agus gur cuireadh airteagal tiomnaithe 3 (CUAC agus CFRE/CC) agus airteagal 2 (CSE+) faoi seach isteach maidir leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha. Is oth linn, áfach, nach n-áirítear méid na solúbthachta leis an bhforáil sin, toisc go bhféadfadh scaoileadh páirteach na gcistí atá ar fionraí a bheith mar thoradh air sin, tar éis don Choimisiún measúnú diúltach a dhéanamh a bunaíodh ar chur i bhfeidhm coinníollacha cumasúcháin cothrománacha de bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/1060. I bhfianaise an mhéid sin, agus chun críche comhsheasmhachta, leagann an Bheilg, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ostair béim ar an ngá atá le forálacha iomchuí a áireamh sna rialacháin amach anseo, gan eisceachtaí, maidir le gach ciste a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2021/1060 maidir leo, chomh maith leis na rialacháin ábhartha don chéad CAI eile.'

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

‘Cé nach bhfuil Poblacht na Bulgáire ar aon teorainn leis an Úcráin, leis an mBealarúis, ná leis an Rúis, is amhlaidh atá sé laistigh den limistéar atá buailte ag drochthionchair iomadúla mhéadaitheacha an chogaidh leanúnaigh san Úcráin de dheasca a suímh straitéisigh ar theorainn sheachtrach oirthir an Aontais Eorpaigh, feadh na Mara Duibhe.

Tá réigiún na Mara Duibhe níos neamhchosanta ar rioscaí suntasacha slándála, ar shuaitheadh eacnamaíoch agus éiceolaíoch, agus ar leochaileachtaí straitéiseacha méadaithe. Bíonn tionchar díreach inláimhsithe ag éifeachtaí iarmhartacha na coinbhleachta ar réigiúin oirthir na Bulgáire.

Sa chomhthéacs sin, áitíonn an Bhulgáir go láidir gur cheart réigiúin na Mara Duibhe a aithint mar réigiúin atá coibhéiseach leis na réigiúin sin atá ar aon teorainn leis an Úcráin, leis an mBealarúis nó leis an Rúis chun críocha bearta reachtacha agus clársceidealaithe ábhartha.

Tá an seasamh sin ailínithe go hiomlán leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 28 Bealtaine 2025 dar teideal *The European Union’s Strategic Approach to the Black Sea Region* [Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Réigiún na Mara Duibhe], ina leagtar béim ar an ngá atá le freagairt chuimsitheach chomhordaithe ón Aontas, lena n-aithnítear tábhacht gheostraitéiseach na Mara Duibhe don Aontas ina iomláine.’

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

‘Aithníonn an Iodáil go bhfuil gá le hardchaighdeáin sa phróiseas roghnúcháin le haghaidh tairbhithe a oibríonn in earnáil na cosanta de bharr a íogaire atá na sonraí agus an fhaisnéis a phróiseáiltear. Measann sí, áfach, nár cheart gurb iad critéir an Chiste Eorpaigh Cosanta (EDF) an príomhphointe tagartha chun go seachnaítear an riosca a bhaineann le roghnú claonta. Cuireann ionstraimí cosanta eile de chuid an Aontais, cuir i gcás EDIRPA agus ASAP, critéir roghnúcháin mhalartacha ar fáil, critéir atá chomh hiontaofa céanna dóibh siúd a dtéann na hidirghabhálacha a dtacaíonn cistí comhtháthaithe leo chun tairbhe dóibh. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Iodáil ar an gCoimisiún an riosca sin a mheas agus critéir iontaofa eile a cheadú freisin chun treoir a chur ar fáil agus na tairbhithe á roghnú le haghaidh tionscadail a dtacaítear leo faoin tosaíocht cosanta san athbhreithniú meántéarma.’

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Meabhraítear don Ungáir na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta (pointe 6b), ina n-iarrtar ar an gCoimisiún foinsí cistiúcháin breise ar leibhéal an Aontais a mholadh don chosaint, lena n-áirítear trí dheiseanna agus dreasachtaí breise a thairgeadh do na Ballstáit uile agus a leithdháiltí reatha á n-úsáid acu, i gcomhréir le prionsabail na córa comhionainne, na hoibiachtúlachta agus an neamh-idirdhealaithe.

Ní chuireann an Ungáir i gcoinne ghlacadh an Rialacháin; mar sin féin, measann sí nach bhfuil Airteagal 3 i gcomhréir leis na prionsabail sin, toisc go gcuireann sé srian ar chumas na mBallstát cinneadh a dhéanamh maidir le conas na leithdháiltí atá acu faoi láthair a úsáid.

Thairis sin, glacadh coinníollachtaí 2021-2027, lena n-áirítear coinníollacha cumasúcháin, mar chuid de chomhaontú CAI níos leithne. Leis an togra seo, leasaítear an creat seo i lár na tréimhse, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil agus pholaitiúil, agus níor cheart dó sin a bheith ina fhasach amach anseo.’

| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena leasaítear Rialacháin 2021/1057 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE+) a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |
|---|---|

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha ríthábhachtach don Aontas Eorpach. Tuigeann an Coimisiún rún na gcomhreachtóirí mar atá cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú lena leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí a áirithiú go gcloífear leis an smacht reachta i gcur chun feidhme na gcistí agus déanfaidh sé measúnú ar aon iarraidh ar leasuithe ar chláir i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, leis an Rialachán maidir le Coinníollacht Ghinearálta agus le forálacha an Rialacháin maidir le hAthbhreithniú Meántéarma.'

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Cé nach bhfuil Poblacht na Bulgáire ar aon teorainn leis an Úcráin, leis an mBealarúis ná leis an Rúis, is amhlaidh atá sé laistigh den limistéar atá buailte ag drochthionchair iomadúla mhéadaitheacha an chogaidh leanúnaigh san Úcráin de dheasca a suímh straitéisigh ar theorainn sheachtrach oirthir an Aontais Eorpaigh, feadh na Mara Duibhe.

Tá réigiún na Mara Duibhe níos neamhchosanta ar rioscaí suntasacha slándála, ar shuaitheadh eacnamaíoch agus éiceolaíoch, agus ar leochaileachtaí straitéiseacha méadaithe. Bíonn tionchar díreach inláimhsithe ag éifeachtaí iarmhartacha na coinbhleachta ar réigiúin oirthir na Bulgáire.

Sa chomhthéacs sin, áitíonn an Bhulgáir go láidir gur cheart réigiúin na Mara Duibhe a aithint mar réigiúin atá coibhéiseach leis na réigiúin sin atá ar aon teorainn leis an Úcráin, leis an mBealarúis nó leis an Rúis chun críocha bearta reachtacha agus clársceidealaithe ábhartha.

Tá an seasamh sin ailínithe go hiomlán leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 28 Bealtaine 2025 dar teideal *The European Union's Strategic Approach to the Black Sea Region* [Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Réigiún na Mara Duibhe], ina leagtar béim ar an ngá atá le freagairt chuimsitheach chomhordaithe ón Aontas, lena n-aithnítear tábhacht gheostraitéiseach na Mara Duibhe don Aontas ina iomláine.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Meabhraítear don Ungáir na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta (pointe 6b), ina n-iarrtar ar an gCoimisiún foinsí cistiúcháin breise ar leibhéal an Aontais a mholadh don chosaint, lena n-áirítear trí dheiseanna agus dreasachtaí breise a thairgeadh do na Ballstáit uile agus a leithdháiltí reatha á n-úsáid acu, i gcomhréir le prionsabail na córa comhionainne, na hoibiachtúlachta agus an neamh-idirdhealaithe.

Ní chuireann an Ungáir i gcoinne ghlacadh an Rialacháin; mar sin féin, measann sí nach bhfuil Airteagal 2 i gcomhréir leis na prionsabail sin, toisc go gcuireann sé srian ar chumas na mBallstát cinneadh a dhéanamh maidir le conas na leithdháiltí atá acu faoi láthair a úsáid.

Thairis sin, glacadh coinníollachtaí 2021-2027, lena n-áirítear coinníollacha cumasúcháin, mar chuid de chomhaontú CAI níos leithne. Leis an togra seo, leasaítear an creat seo i lár na tréimhse, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil agus pholaitiúil, agus níor cheart dó sin a bheith ina fhasach amach anseo.'